Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2009**

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

## Aonad Measúnaithe A2 1

*ag measúnú*

## Modúl 4: Forbairt Córais Fhaisnéise

**[A2W11]**

**DÉ LUAIN 11 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 90 an marc iomlán don pháipéar seo, le 4 mharc ar a mhéad san áireamh do chaighdeán na cumarsáide scríofa.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

1 **(a)** Is féidir cábla snáthoptaice nó cábla comhaiseach a úsáid le sonraí a tharchur. Cuir an dá chineál cábla seo i gcomparáid lena chéile i dtéarmaí:

**(i)** Toilleadh.

**(ii)** Trasnaíocht ar chomhartha. [4]

**(b)** Cuir síos ar an dóigh ar féidir lascadh paicéad a úsáid le sonraí a tharchur. [6]

2 Tá bogearraí nua párolla de dhíth ar ghnólacht beag.

**(a)** Cuir síos ar **3** dhóigh a bhfaigheadh gnólacht bogearraí nua agus mínigh a fhóirsteanaí atá gach ceann acu **sa chás seo**. [9]

**(b)** Cuir síos ar **dhá** dhóigh a bhféadfaí caighdeán na mbogearraí a mheas agus iad suiteáilte. [4]

3 Is féidir córas faisnéise a fhorbairt trí shamhail chascáideach a úsáid nó trí fhréamhshamhaltú.

**(a)** Mínigh an ról a bhíonn ag an anailísí córas sa tsamhail chascáideach. [4]

**(b)** Cuir síos ar na príomhghnéithe a bhaineann le fhréamhshamhaltú. [6]

**(c)** Is féidir gur fearr fréamhshamhaltú de rogha ar an mhodh chascáideach. Cuir síos ar **dhá** fháth le cad chuige. [4]

4 Agus córas á athbhreithniú, tuairiscítear:

- Go bhfuil tamall fada i gceist agus ceisteanna á rith
- Nach bhfuil an fhaisnéis atáthar ag súil leis á léiriú i dtuairisc áirithe.

**(a)** Ainmnigh **dhá** chineál de chothabháil bogearraí a chaithfear a dhéanamh **sa chás seo** agus cuir síos orthu. [6]

**(b)** Cuir síos ar fháth amháin eile a gcaithfí bogearraí an chórais a chothabháil. [2]

Agus cothabháil ar bun, cuirtear modúl nua isteach.

**(c)** Cuir síos ar an tástáil a chaithfear a dhéanamh **sa chás seo**. [4]


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

5 Ar na huirlisí CASE is féidir a úsáid agus bogearraí á bhforbairt, tá gineadóir cóid.

**(a)** Cuir síos ar **dhá** bhuntáiste as gineadóir cóid a úsáid. [4]

**(b)** Ainmingh na príomhghnéithe a bhaineann le **3** chineál eile d'uirlis CASE, agus cuir síos orthu. [9]

6 **(a)** Cuir síos ar cad chuige a n-úsáidtear gach ceann acu seo a leanas ar líonra.

**(i)** Bogearraí iniúchóireachta

**(ii)** Bogearraí cuntasaíochta [6]

**(b)** Cuir síos ar an éifeacht a bhíonn ag gach ceann de tosca seo a leanas ar idirghníomhaíocht daoine le ríomhaire.

**(i)** Tosca eirgeanamaíochta

**(ii)** Tosca siceolaíochta [6]

7 Tá bunachar sonraí coibhneasta in úsáid i gcoláiste.

Déanann gach dalta staidéar ar roinnt ábhar.

Tá roinnt modúl ag gach ábhar.

**(a)** Seachas mórán le mórán, luaigh **dhá** dhóigh ar féidir coibhneas a dhéanamh idir na haonáin i mbunachar sonraí. [2]

**(b)** Ainmnigh **3** aonán a mbeifeá ag súil leo a bheith sa bhunachar sonraí. [3]

**(c)** Don chóras seo, tarraing léaráid de Choibhneasa na n-Aonán (ER), a mbeidh gach cuid di lipéadaithe, agus nach mbeidh coibhneas mórán le mórán ann. [7]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers